Tá an peann ag an múinteoir. Bíonn an múinteoir go fóill ag smaoineamh os ard ach cuirtear moltaí na bpáistí i bhfeidhm chomh maith. Bíonn na páistí páirteach i gcomhrá, i scríbhneoireacht agus i léitheoireacht an tseánra.

Céim 5: Scríbhneoireacht threoraithe: Déanann na páistí an plean

Is féidir leis na páistí an scríbhneoireacht a phleanáil i bpéirí/i ngrúpaí, ag baint úsáide as an fhráma atá déanta.



Céim 6: Scríbhneoireacht neamhspleách
Déanann na páistí plean agus scríobhann siad a bpíosa féin, dréachtú, eagarthóireacht agus athdhréachtú san áireamh.

Céim 7: Lucht léite
Scríobhann na páistí do chúis ar leith agus do lucht léite atá fíor.

Seánraí Scríbhneoireachta

An Scríbhneoireacht a Mheas

Tá dóigheanna éagsúla ag scoileanna leis an scríbhneoireacht a mheas; féinmheasúnú, cumarsáid nó comhdháil, fillteán a choinneáil agus a mheas, ceistiú, breathnóireacht, scrúdaithe déanta ag múinteoir/scoil agus scrúdaithe caighdeánaithe.



Seánraí Scríbhneoireachta

Tagairtí

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Primary School Curriculum*. Dublin: Government Publications.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005). *An Evaluation of Curriculum Implementation in Primary Schools. English, Mathematics and Visual Arts*. Dublin: Government Publications Office.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Literacy and Numeracy for Learning and Life: The National Strategy to Improve Literacy and Numeracy Among Children and Young People 2011-2020*. Dublin: Government Publications.

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2013). *Writing Genre – A Structured Approach*.

National Council for Curriculum and Assessment (2007). *Assessment in the Primary School Curriculum: Guidelines for Schools*. Dublin: NCCA.

National Council for Curriculum and Assessment (2012). *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3-8 years)*. Dublin: NCCA.

Roinn Oideachais Iarthar na hAstráile (1997). *First Steps Writing Resource Book*. Rigby.

Roinn Oideachais Iarthar na hAstráile (1997). *First Steps Writing Developmental Continuum*. Rigby.

Roinn Oideachais Iarthar na hAstráile (2005). *First Steps Writing Resource Book 2nd Edition*. Rigby.

Roinn Oideachais Iarthar na hAstráile (2005). *First Steps Writing Map of Development 2nd Edition*. Rigby.

Shiel, G. and Murphy, R. (2000) *Drumcondra English Profiles*. Dublin: Educational Research Centre.

An Cheardlann Scríbhneoireachta

TORTHAÍ FOGHLAMA

- Rannpháirtíocht
- Spreagadh agus rogha
- Gnásanna cló agus struchtúr abairte
- Litriú
- Foclóir
- Cuspóir, seánra agus guth
- An próiseas scríbhneoireachta
- Freagairt agus intinn an údair
- Peannaireacht

Do gach scríbhneoir, idir óg agus aosta, is próiseas casta í an scríbhneoireacht. Tá tascanna/céimeanna ag gabháil léi: roghnaíonn an scríbhneoir topaicí, tagtar ar smaointe, déantar an chéad dréacht as na smaointe, agus déantar athbhreithniú ar a bhfuil scríofa. Baineann páistí tairbhe as **nuair a thaispeántar go soiléir arís is arís eile**

na próisis a bhaineann leis an scríbhneoireacht agus neart **deiseanna acu chun cleachtadh a dhéanamh agus triail a bhaint as rudaí**. Tá sé bunriachtanach an próiseas scríbhneoireachta, idir **an cheird agus na gnéithe meicniúla**, a phleanáil agus a mhúineadh le go mbeidh páistí ina scríbhneoirí neamhspleácha féinrialaithe atá in ann tarraingt go réidh ar eolas riachtanach óna gcuimhne fhadtéarmach. Má chuirtear in iúl do pháistí gurb é an chuid is tábhachtaí den scríbhneoireacht a gcuid smaointe a roinnt le daoine eile agus gur féidir déileáil le scileanna ar leibhéal níos ísle mar ghramadach, litriú agus poncaíocht nuair a bhíonn ábhar á fhoilsiú, is féidir faoiseamh a thabhairt dóibh ón imní atá orthu, cur lena gcuid muiníne agus a chur ar a súile dóibh go bhfuil siad



pleanáil agus ag athbhreithniú go leanúnach agus iad ag scríobh, molann taighdeoirí go mbainfear leas as cur chuige an phróisis maidir le múineadh na scríbhneoireachta. Sa chur chuige sin breathnaítear ar an scríbhneoireacht mar shraith modhanna iompraíochta ar féidir iad a mhúineadh, a fhoghlaim, a phlé agus a fhorbairt. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le smaoineamh, fiosrú, samhlú, cruthú, cumarsáid agus teanga a iniúchadh trí scríbhneoireacht agus leagtar an **bhéim chéanna ar phróisis na scríbhneoireachta is a leagtar ar an rud a scríobhtar**. Creat teagaisc is ea an Cheardlann Scríbhneoireachta ar féidir le múinteoirí a úsáid le tacú le páistí mar **scríbhneoirí**.

in ann an obair a dhéanamh. Ní mór deis a thabhairt do na páistí triail a bhaint as an scríbhneoireacht chomh maith leis an scríbhneoireacht a thaispeáint dóibh ar bhealach níos foirmiúla. Toisc go mbíonn scríbhneoirí ag

Is í an chuid is tábhachtaí den scríbhneoireacht go mbeadh páistí ag roinnt a gcuid smaointe; is féidir déileáil le scileanna ar leibhéal níos ísle mar ghramadach, litriú agus poncaíocht nuair a bhíonn ábhar á fhoilsiú.

An Cheardlann Scríbhneoireachta

An Cheardlann Scríbhneoireachta

Le linn na Ceardlainne Scríbhneoireachta foghlaimíonn páistí conas a bheith ina bhfíorscríbhneoirí agus breathnaítear orthu mar **fhíorscríbhneoirí**. Múineann na múinteoirí go sainráite do pháistí conas foghlaim go gníomhach mar scríbhneoirí, trí fhíordheiseanna fiúntacha a thabhairt dóibh le bheith ag scríobh i dtimpeallacht foghlama atá bunaithe ar ghnáthaimh agus ina mbíonn a fhios acu céard atá rompu amach. Toisc gur gníomhaíocht shóisialta go príomha í an scríbhneoireacht, cruthaíonn múinteoirí scafall d'fhoghlaim na bpáistí agus cuireann siad deiseanna ar fáil dóibh gach lá chun na píosaí scríbhneoireachta

a phlé lena chéile. Nuair a úsáidtear cur chuige na ceardlainne, cothaítear an chuid chruthaitheach agus an chuid aeistéitiúil den scríbhneoireacht agus spreagtar na páistí níos mó toisc go mbíonn rogha acu agus smacht acu ar na topaicí a scríobhfaidh siad fúthu. Cuireann sé deiseanna ar fáil chun fíorchomhtháthú a dhéanamh ar an teanga labhartha, léitheoireacht, líofacht agus stór focal. Feiceann na páistí go bhfuil an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht fite fuaite ina chéile de réir mar a ghlacann siad seasamh an scríbhneora agus ansin seasamh an léitheora.

CÚINSÍ RIACHTANACHA LE GO mBEIDH BLÁTH AR CHEARDLANN SCRÍBHNEOIREACTHA

- Cuir dóthain ama ar fáil le bheith ag scríobh gach lá.
- Tabhair rogha ábhar do na páistí mar aon le deiseanna le scríobh i réimse seánraí.
- Leag béim ar fhorbairt ghuth agus chruthaitheacht na bpáistí ina gcuid scríbhneoireachta.
- Cuir deiseanna ar fáil le haghaidh idirghníomhú sóisialta. Chuige sin eagraigh comhdhálacha agus seisiúin gach lá ina dtabharfaidh lucht éisteachta freagra ar scríbhneoireacht na bpáistí.
- Tabhair deiseanna do pháistí próisis, ceird agus scileanna na scríbhneoireachta a fhoghlaim trí mhioncheachtanna laethúla a chruthóidh tú go speisialta dóibh.
- Bain úsáid as An tSamhail um Scaoileadh na Freagrachta de Réir a Chéile (*Gradual Release of Responsibility Model*) agus as modheolaíochtaí cuí teagaisc eile.
- Bain úsáid as litríocht ardchaighdeán chun teicnící scríbhneoireachta a léiriú.
- Cruthaigh timpeallacht foghlama atá sábháilte, bunaithe ar ghnáthaimh agus ina mbíonn a fhios acu céard atá rompu amach.
- Cuir in iúl dóibh gur cumarsáid thar aon ní eile atá san ábhar agus sa scríbhneoireacht; spreag scríbhneoirí óga chun litriú garbh a úsáid.
- Déan an scríbhneoireacht a mheas trí leas a bhaint as seicliostaí, rúibricí agus filteáin scríbhneoireachta d'fhonn mioncheachtanna a phleanáil faoi cheird, scileanna agus próisis na scríbhneoireachta. Féach freisin: CNM
- Bí ag súil le mórán ó na páistí agus iad ag scríobh.

An Cheardlann Scríbhneoireachta



An Cheardlann Scríbhneoireachta i Ranganna Naíonán

1. Ag Tosú le Scríbhneoireacht Roinnte agus Scríbhneoireacht Idirghníomhach

Scríbhneoireacht Roinnte

Sa scríbhneoireacht roinnte, roghnaíonn na páistí na rudaí ar mhaith leo scríobh fúthu (an topaic) agus bíonn an múinteoir

Sa scríbhneoireacht roinnte, roghnaíonn na páistí na rudaí ar mhaith leo scríobh fúthu (an topaic) agus bíonn an múinteoir mar scríobhaí acu.

mar scríobhaí acu. Ar an gcéad dul síos, pléann siad an topaic agus oibríonn siad le chéile chun an scríbhneoireacht a fhorbairt. Déanann an múinteoir

smaointe na bpáistí faoin scríbhneoireacht a thairfeadh ar chairt nó ar scáileán idirghníomhach trí shamplaí a thabhairt de ghnéithe éagsúla den phróiseas scríbhneoireachta, mar shampla:

- coincheapa cló m.sh., ó chlé go deas, spásanna idir focail, poncaíocht
- focail nach bhfuil taithí acu orthu a litriú go garbh trí shiollaí a dhealú ó chéile, fuaimanna a shíneadh agus litreacha a mheitseáil le fóinéimí
- conas balla na bhfocal a úsáid chun focail ardmhínicíochta a aimsiú
- conas smaointe a nascadh le chéile agus forbairt a dhéanamh orthu
- conas cur síos a chur isteach agus comhthéacs a cheapadh.

Scríbhneoireacht Idirghníomhach

Bíonn an peann ag an múinteoir agus ag na páistí araon. Tugtar cuireadh do na páistí scríobh ar an gcart nó ar an gclár bán idirghníomhach, m.sh., focail

Sa scríbhneoireacht idirghníomhach, bíonn an múinteoir agus na páistí araon mar scríobhaí.

An Cheardlann Scríbhneoireachta

ar leith nó fuaimeanna a bhfuil eolas acu orthu agus ar féidir leo iad a litriú. Is cuid thábhachtach den scríbhneoireacht idirghníomhach é go mbeadh deiseanna ag na páistí bheith ag scríobh i gcomhar leis an múinteoir agus le páistí eile. Ní mór do pháistí go leor taithí a bheith acu ar scríbhneoireacht roinnte agus ar scríbhneoireacht idirghníomhach agus ar léitheoireacht roinnte sula mbogann siad ar aghaidh go dtí an Cheardlann Scríbhneoireachta.

2. An Cheardlann Scríbhneoireachta

Tosaíonn páistí ag scríobh a gcuid scéalta féin go neamhspleách nuair

a bhíonn taithí acu ar scríbhneoireacht roinnte agus ar scríbhneoireacht idirghníomhach agus nuair a bhíonn roinnt eolais acu ar an gceangal atá idir litreacha agus fuaimeanna agus nuair a thuigeann siad gur gníomh cumarsáide an focal scríofa. Spreagann na múinteoirí páistí mar scríbhneoirí chun:

- topaicí a roghnú a bhfuil tábhacht phearsanta ag baint leo agus ransú smaointe a dhéanamh
- pictiúir dá gcuid smaointe a tharraingt agus lipéid a chur ar ghnéithe den phictiúr ansin
- abairtí a scríobh a bhaineann leis an bpictiúr
- smaointe a phlé le lucht éisteachta
- cur le smaointe agus iad a fheabhsú.

Is féidir le gach páiste brí a chruthú ar an leathanach trí mhairc a dhéanamh nó trí líníocht agus trí chaint faoina gcuid scríbhneoireachta. Beidh cuid acu in ann lipéid a chur ar ghnéithe dá gcuid pictiúr agus beidh daoine eile in ann cur leis tuilleadh agus iarracht a dhéanamh abairtí a scríobh.




An Cheardlann Scríbhneoireachta


3. Teagasc agus Measúnú le haghaidh Foghlama

Má dhéantar measúnú rialta ar scríbhneoireacht na bpáistí agus úsáid á baint as seicliostaí, comhdhálacha agus rúibricí, cabhróidh sé sin le múinteoirí dul chun cinn na bpáistí ó thaobh scríbhneoireachta de a mheas, ag teacht le Contanam Dul chun Cinn na Scríbhneoireachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Ba cheart na páistí a spreagadh chun féinmheasúnú agus measúnú piaraí a dhéanamh, ag úsáid rúibricí agus seicliostaí oiriúnacha atá deartha ag páistí agus ag an múinteoir. Is féidir leas a bhaint as an eolas sin chun planáil

a dhéanamh le haghaidh teagasc ina mbíonn ábhar faoi leith ag gasúir faoi leith bunaithe ar a gcumas féin, agus tacaíocht a thabhairt do na páistí agus iad ag dul i dtreo na chéad chéime eile dá bhforbairt. Gluaiseann na páistí trí chéimeanna intuartha forbartha maidir le litriú a chuireann ar a gcumas téacs níos casta a chruthú. Ach samplaí de scríbhneoireacht na bpáistí a choinneáil i bhfillteán, beidh taifead ann ar a gcuid dul chun cinn thar thréimhse ama.



An Cheardlann Scríbhneoireachta



Struchtúr na Ceardlainne Scríbhneoireachta

1. An Mion-Cheacht (thart ar 10 nóim)

Tosaíonn an Cheardlann Scríbhneoireachta le mioncheacht. Is éard atá i gceist le mioncheacht ná ceacht gairid atá dírithe ar ghné amháin den scríbhneoireacht. Taispeánann an múinteoir an méid a bheidh le déanamh ag na daltaí ionas go mbeidh a fhios acu céard go díreach atá ag teastáil, agus baineann sé/sí úsáid as smaoineamh os ard. Is minic a bhíonn an mioncheacht nasctha le litríocht ardchaighdeán do pháistí nó le píosa scríbhneoireachta an pháiste féin. Eagraítear **mioncheachtanna don rang uile** nuair a theastaíonn teagasc soiléir ó gach páiste, nó ón gcuid is mó acu, ar cheird, gnás, próiseas nó teicníc eagrúcháin ar leith.

Tugtar **mioncheachtanna do ghrúpaí beaga** nuair a léiríonn grúpa páistí go bhfuil scil nó ceird ar leith riachtanach dóibh. Fad is atá an múinteoir i mbun ceachtanna le spriocghrúpa beag páistí, leanann na páistí nach bhfuil sa ghrúpa beag ar aghaidh ag obair go neamhspleách ar a gcuid scríbhneoireachta ón lá roimhe sin nó cuireann siad tús le píosa nua. Bíonn comhdháil ag an múinteoir le 3 nó 4 de na páistí sin nuair a bhíonn deireadh le ceacht an ghrúpa bhig.

Bíonn trí chuid sa Cheardlann Scríbhneoireachta:
(1) mioncheacht
(2) scríbhneoireacht neamhspleách agus comhdhálacha
(3) seisiún roinnte

Sa mhioncheacht, soláthraíonn an múinteoir teagasc soiléir ar cheird, gnás, próiseas nó teicníc eagrúcháin ar leith a bhaineann leis an scríbhneoireacht.

An Cheardlann Scríbhneoireachta

CINEÁLACHA MIONCHEACHTANNA

Ceird (3-4 huair sa tseachtain): Teicníc a mhúineadh chun feabhas a chur ar chaighdeán nó ar stíl na scríbhneoireachta m.sh. leas a bhaint as sonraí, tús láidir a cheapadh agus teideal éifeachtach a chumadh.

Coinbhinsiúin (1-2 uair sa tseachtain):

Scileanna a mhúineadh chun feabhas a chur ar inléiteacht agus líofacht an dréachta, m.sh. gramadach, litriú, poncaíocht agus struchtúr na n-abairtí.

Próiseas (nuair is gá): Ná céimeanna éagsúla a mhúineadh a bhaineann leis an bpróiseas scríbhneoireachta m.sh. topaic a roghnú, dréachtú, athbhreithniú, eagarthóireacht agus foilsiú.

Bainistiú agus eagrú (nuair is gá): An gnáthamh a mhúineadh a bhaineann leis an gCeardlann Scríbhneoireachta, mar shampla, struchtúr na Ceardlainne, conas fillteáin scríbhneoireachta a úsáid, na rialacha a bhaineann le comhdhálacha agus conas freagra a thabhairt le linn seisiúin roinnte.

2. Scríbhneoireacht Neamhspleách agus Comhdhálacha (thart ar 20-30 nóim)

Nuair a bhíonn na páistí go léir i mbun pinn is iad ag scríobh gan stad as a gconlán féin féadfaidh an múinteoir dul timpeall ag labhairt le páistí aonair. Bíonn comhdhálacha den sórt sin gearr (thart ar 5 nóiméad) agus ba cheart é a bheith mar aidhm ag an múinteoir labhairt le 3 nó 4 páistí gach lá. Is é an páiste a dhéanann 80% den chaint agus an múinteoir an 20% eile le linn dea-chomhdhála. Is é obair an mhúinteora sonraí a mhealladh ón scríbhneoir, tuiscint a fháil ar cad é atá sé nó sí ag iarraidh a dhéanamh agus páistí a spreagadh mar scríbhneoirí. Féadfaidh múinteoirí an t-am

seo a úsáid, nuair a bhíonn siad ag caint le páistí aonair, chun ábhair inní faoi leith nó réimsí saineolais páistí a thabhairt faoi deara. Cuirfidh sé seo ar chumas an mhúinteora teagasc ina mbíonn ábhar faoi leith ag gasúir faoi leith, bunaithe ar a gcumas féin, a chur ar fáil le linn comhdhálacha atá le teacht agus ábhar a phleanáil le haghaidh mioncheachtanna do ghrúpaí beaga. Ar an mbealach seo, cuireann an múinteoir tacaíocht ar fáil mar fhreagra ar na riachtanais faoi leith atá ag páistí.

An Cheardlann Scríbhneoireachta



3. Seisiún Roinnte (thart ar 5-10 nóim)

Suíonn páiste amháin ar chathaoir an údair nó i limistéar ainmnithe sa seomra ranga agus léann sé/sí a c(h)uid scríbhneoireachta os ard don rang. Éistean na páistí eile le haghaidh sonraí, cuirtear ceisteanna agus insíonn siad cad a thaitníonn leo sa phíosa scríbhneoireachta. Cruthaíonn an seisiún roinnte deiseanna do mhúinteoirí chun struchtúir teanga chuí a leagan amach mar fhreagra ar an scríbhneoireacht agus do pháistí chun a stór focal agus teanga ó bhéal a fhorbairt. Ina theannta sin,

Sa seisiún roinnte, léann gach páiste a scríbhneoireacht os ard fad is atá na páistí eile ag éisteacht, ag cur ceisteanna agus ag rá cad a thaitníonn leo sa phíosa scríbhneoireachta.

tugann an seisiún roinnte aiseolas dearfach don scríbhneoir ó fhíorlucht éisteachta a bhfuil aird acu air agus ar mór acu a chuid oibre, cuireann sé le muinín na bpáistí agus spreagann sé a thuilleadh iad chun bheith ag scríobh.

An Cheardlann Scríbhneoireachta

Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007). *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirínte do Scoileanna*. Baile Átha Cliath: CNCM.

Berninger, V. & Swanson, H. (1994). *Modifying Hayes and Flower's Model of Skilled Writing to Explain Beginning and Developing Writing*. In E. C. Butterfield, (Eag. Sraithe), & J.S. Carlson, (Eag.), *Advances in Cognition and Educational Practice: Imleabhar 2. Children's Writing: Towards a Process Theory of the Development of Skilled Writing*. Nua-Eabhrac: JAI Press.

Bissex, G. (1980). Patterns of Development in Writing: A Case Study. *Theory into Practice*, 19(3), 197-201.

Bromley, K. (2011). Best Practices in Teaching Writing. In L. Morrow, & L. Gambrell (Eagarthóirí), *Best Practices in Literacy Instruction*, 295-318. NY: The Guilford Press.

Calkins, L. (1986). *The Art of Teaching Writing*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2005). *An Evaluation of Curriculum Implementation in Primary Schools*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Fletcher, R. & Portalupi, J. (2001). *Writing Workshop: The Essential Guide*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Gentry, R.J. (1982). An Analysis of Developmental Spelling in GNYS at Work. *The Reading Teacher* 36, 192-200.

Graves, D. (1994). *A fresh look at writing*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Grainger, T., Gooch, K., & Lambirth, A. (2005). *Creativity and writing: Developing voice and verve in the classroom*. Oxon: Routledge.

Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta

TORTHAÍ FOGHLAMA


Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Rannpháirtíocht
- Spreagadh agus rogha
- Lámhscríbhneoireacht

Patrúin agus an Lámhscríbhneoireacht

Uirlisí teagaisc iontacha is ea patrúin agus bíonn siad úsáideach ar gach uile chéim de theagasc na lámhscríbhneoireachta. Cabhraíonn patrúin le leanaí scileanna riachtanacha a fhoghlaim i dtaca leis an scríbhneoireacht ar bhealach spráúil. Nuair a dhéanann leanaí patrúin, déanann siad gluaiseachtaí atá cosúil leo siúd a bhíonn ag teastáil i gcás litreacha arís is arís eile ach gan a bheith buartha faoin litir a chur i gcrích i gceart. Leagtar béim ar an

ngluaiseacht rithimeach de bharr go bhfuil patrúin athchleachtach, rud a theastaíonn uainn i gcás na lámhscríbhneoireachta. Is féidir patrúin a úsáid le scileanna leanaí níos sine a fhorbairt chomh maith.



Na Buntáistí a bhaineann le Patrúin

Is iomaí bealach ar féidir le patrúin cabhrú le leanaí:

1. Mar **réamhchleachtadh** don lámhscríbhneoireacht – rud a fhorbraíonn a scileanna mínluaile agus aireachtála.
2. Le foghlaim faoi **shuíomh ceart an choirp** agus faoin **gcaoi cheart le greim a choinneáil ar uirlis scríbhneoireachta**. Uaireanta is éasca do leanaí díriú ar an ngluaiseacht agus ar shuíomh a gcoirp agus a lámh nuair atá patrún athchleachtach á tharraingt acu ná mar a bhíonn sé nuair atá siad ag scríobh mar is gnách.
3. Le **rithim agus líofacht** a bhaint amach. D'fhéadfadh go n-éireodh leanaí imníoch agus tógtha agus iad ag scríobh. D'fhéadfadh patrúin ligean don leanbh a shuaimhneas a dhéanamh agus d'fhéadfadh go gcabhródh an sruth rithimiúil a bhaineann leo le lámhscríbhneoireacht níos casta ar ball.
4. Le **brú ar an bpeann luaidhe** a laghdú. Ach foghlaim cén chaoi le scríobh gan an iomarca brú agus patrúin á ndéanamh, bíonn sé níos éasca ansin litreacha a scríobh.

Is fearr páipéar bán ná páipéar línithe nuair atá leanaí ag tosú ar phatrúin a chruthú agus a chleachtadh.

Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta

5. Le seichimh agus gluaiseachtaí treocha a fhoghlaim, .i., ó bharr go bun, ó chlé go deas, deiseal agus tuathal.

6. Leis an méid chéanna a choinneáil. Is féidir le patrún a athraíonn idir strócanna fada agus gairide an nasc idir na litreacha éiritheacha agus na litreacha x-airde (a, c, e, u, v, srl.) a threisiú, agus is féidir na litreacha is minic a dhéantar rómhór nó róbheag a chur le chéile le litir eile.


7. Le cruth litreach nó ceangal a bhíonn deacair do leanáí a chleachtadh.

8. Le litreacha a choinneáil ar an líne. Féadann patrún a dhéanamh ar líne rialaithe an tsaintréith seo den de-lámhscríbhneoireacht a threisiú, rud a théann crua ar roinnt leanáí.

9. Leis an gclaonadh céanna a choinneáil. Bíonn cuma níos fearr ar scríbhneoireacht agus bíonn sí níos éasca le léamh nuair a bhíonn na strócanna síos uile comhthreomhar. Tá sé níos éasca é sin a chleachtadh nuair a scríobhtar patrún ar nós *ululu*.

10. Le luas agus líofacht a mhéadú de réir a chéile, go háirithe de réir mar a éiríonn leanáí níos muiníní as a gcuid scríbhneoireachta.

Sna luathbhlianta bun scoile agus ceangal patrún á chleachtadh, spreag na leanáí chun thart ar 3-5 chruth a scríobh, agus ansin a n-uirlis scríbhneoireachta a ardú. Uaireanta bíonn sé deacair línte fada, leanúnacha foirmeacha/strócanna a chruthú.



Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta



Smaointe i gcomhair Patrún

Is iomaí acmhainn atá ar an bhfód a thugann smaointe i dtaca le patrúin a dhéanamh. Tá cláir ar fáil a dhíríonn ar chúpla buntáiste sonrach a bhaineann le patrúin a dhéanamh. Mar shampla, cláir a chabhraíonn le leanaí patrúin a dhéanamh le ceol, patrúin a úsáid le foirmiú litreacha a fhoghlaim, agus patrúin a úsáid le luas agus líofacht a fheabhsú.



Luathphatrúin Scríbhneoireachta

Is trí phatrúin a úsáid a fhaigheann leanaí taithí ar ghluaiseachtaí agus ar chruthanna a fhorbróidh a scileanna luaile agus a chuirfidh lena gcuid muiníne.



I measc na luathphatrún scríbhneoireachta tá


- línte díreacha, suas agus síos
- línte ó thaobh amháin go taobh eile agus línte trasnánacha
- fiarláin
- ciorcail shimplí sa dá threo
- ciorcail chomhlárnacha ag tosú amach sa lár nó ar an imeall amuigh
- poncanna
- bíseanna a théann amach nó isteach
- lúba suas nó bláthfhleasca
- lúba síos nó stuaaráí
- fíor a hocht, idir ingearach agus chothrománach.

Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta

Tacú le Luathpatrúin Scríbhneoireachta

- Leanaí a spreagadh chun **spraoui a bheith acu** trí phatrúin a dhéanamh agus smaointe éagsúla a thabhairt isteach ceann ar cheann, m.sh., ag bogadh ar chlé nó ar dheis, suas agus síos.
- **Réimse leathan ábhar** a chur ar fáil do leanaí agus iad ag déanamh patrún.
- Deiseanna a chothú le patrúin a dhéanamh mar chuid de


thionscadail, de shúgradh nó d'obair ealaíne i ngrúpaí. Mar shampla, déan patrúin le **rudai** (cruthanna pasta, blaoscanna, olann, snáithe, taos súgartha), le **gluaiseachtaí** (ag bogadh le chéile ar bhealaí difriúla, patrúin a dhéanamh i ngaineamh le **méara**, loirg choise) agus le **huirlisí scríbhneoireachta** difriúla (cailc sa chlós súgartha, clódóirí péinte).



- I gcás leanaí níos óige, is féidir le múinteoirí **cruthanna bunúsacha** a chur ar fáil is féidir a líonadh le patrúin, m.sh., d'fhéadfadh an múinteoir cruthanna ciorclacha ar pháipéar a chur ar fáil a d'fhéadfadh na leanaí a úsáid le páipéar beartán a dhearadh agus a chruthú le haghaidh an tsiopa san áit súgartha shochdhrámata. Bíodh an imlíne mór a dóthain le go mbeidh siad in ann patrúin a dhéanamh agus beag a dóthain lena chinntiú nach mbeidh sé leadránach do na leanaí.

- Nuair a dhéantar na patrúin le **huirlisí scríbhneoireachta**, spreag na leanaí atá réidh le **greim éifeachtúil** a choinneáil ar a bpinn luaidhe nó a bpinn (b'fhéarr an uirlis a choinneáil idir an ordóg

- agus an chormhéar, le taobh na méire fada ann leis an ngreim thríchosach a chomhlánú). Seans go mbeidh na leanaí óga fós ag úsáid an ghreama peann luaidhe níos bunúsaí.
- Bíonn patrúin níos tarraingtí má chuirtear neart**dathanna** leo. Is beag brú a bhíonn ag teastáil le haghaidh pinn fheiltbhioracha agus d'fhéadfadh sé go mbeidís úsáideach le brú éadrom ar an bpeann luaidhe a spreagadh. Bíonn pinn ghlóthaí an-éifeachtach go deo ar pháipéar daite dorcha.



Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta




Patrúin a thacaíonn le Foirmiú Litreacha

Féadtar patrúin ar leith atá cosúil leis na patrúin atá ag teastáil le litreacha a scríobh a thabhairt isteach do leanaí a bhfuil taithí acu ar luathpatrúin a dhéanamh. Is fiú go mór na patrúin a dhéanamh chomh mór leis an scríbhneoireacht a dhéanfaidh na leanaí amach anseo. Tá tugtha thíos moltaí i gcomhair patrún a bhaineann le foirmiú litreacha.

- Déanann **stuanna nó droichid**, déanta le pointí ag an mbonn, aithris ar na gluaiseachtaí léime a úsáidtear sna litreacha **r, b, n, m, h, k, p**.
- Tá **lúba nó bláthfheasca**, déanta le pointí ag an mbarr, ina n-ullmhúchán maith i gcomhair na litreacha **l, t, u, y** a scríobh.
- Tá **ciorcail**, déanta i dtreo tuathalach, ina n-ullmhúchán maith i gcomhair na litreacha **c, a, d, g, q, s** a dhéanamh.

Tabhair **neart deiseanna** do leanaí i ranganna naíonán patrúin a chleachtadh, ar pháipéar aonlínithe, spásáilte go leathan más féidir ar chor ar bith agus le pinn luaidhe, criáin nó pinn fheiltbhioracha.


De réir mar a dhéanann leanaí dul chun cinn is féidir leo tosú ar **patrúin a úsáid le chéile** le dearáí agus le huigeachtaí níos casta a fhoirmiú. Mar shampla, d'fhéadfaí línte na bpatrún a fhí le chéile le scinigh dragain nó tonnta a dhéanamh.



Réamhchleachtadh úsáideach i gcomhair lámhscríbhneoireachta le daltaí níos sine is ea **imlíne phatrúnaithe** a chruthú timpeall leathanach scríbhneoireachta.

Is féidir **pictiúr a dhearadh le patrúin le nó focail athfhillteacha** mar uigeachtaí a cheangal leis an téacs lena chinntiú go mbeidh sé níos baintí. D'fhéadfaidís sin a bheith ina n-amharcfhilíocht má roghnaítear na focail go maith leis an achar a líonadh: b'fhéidir 'scamaill lomartha' nó 'tonnta ag briseadh'.

Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta



Script Reatha

Tacaíonn patrúin go hiontach le script reatha a fhorbairt. Féadtar déanamh patrún a úsáid leis na gluaiseachtaí is gá le litreacha aonair a dhéanamh a theagasc do leanaí agus ansin cuid mhaith den eolas agus de na scileanna is gá le litreacha a cheangal le chéile.

Nuair a dhéantar cleachtadh ar na patrúin cheangail éagsúla, cabhraítear le leanaí ullmhú le litreacha a cheangal. Is féidir le leanaí dul ar aghaidh go dtí patrúin a dhéanamh le péirí litreacha, iad siúd a chaithfear a chleachtadh tuilleadh b'fhéidir nó litreacha a bhfuil cruth cosúil orthu, m.sh. **adada** nó inisealacha an linbh.

Tá déanamh patrún ina chleachtadh úsáideach i gcomhair na lámhscríbhneoireachta ós rud é, tar éis é a theagasc ar an gcéad dul síos, gur féidir le leanaí leanúint ar aghaidh leis ag amanna saora le linn an lae scoile.

Ná déan dearmad a chinntiú go mbaineann leanaí cothromaíocht amach idir rialú agus líofacht de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn.

Patrúin le haghaidh na Lámhscríbhneoireachta

Tagairtí

Addy, L. (2003). *How to Understand and Support Children with Dyspraxia*. Cambridge: LDA.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanáí agus Daoine Óga 2011-2020*. Baile Átha Cliath: ROS. Le fáil ar líne: www.education.ie/admin/servlet/blobServlet/lit_num_strat.pdf?language=EN&igstat=true

Department of Education, an Tasmáin (2009). *Handwriting*. An Roinn Oideachais, an Tasmáin. Le fáil ag www.education.tas.gov.au/school/curriculum/resources/Handwriting.pdf

National Handwriting Association (2008, arna leasú 2010). *Tips for Teaching: Patterns*. National Handwriting Association, an Ríocht Aontaithe. Le fáil ag www.nha-handwriting.org.uk Oileán an Phrionsa Éadbhard, Department of Education and Early Childhood Development (DEECD) (2012). *Department of Education and Early Childhood Development: Guidelines for Handwriting Instruction: Printing and Cursive, Kindergarten to Grade 6*. DEECD: Oileán an Phrionsa Éadbhard, Ceanada. Le fáil ag http://www.gov.pe.ca/photos/original/eecd_printcurk6.pdf

Daltaí de chuid Scoil Náisiúnta Chill Ríicill, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe a chuir na líníochtaí agus na sleachta scríbhneoireachta samplacha le chéile le haghaidh an Ábhair Tacaíochta seo.

Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

CUSPÓIRÍ

Cabhróidh an treoir seo le múinteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar:

- Cad é atá i gceist le ‘Gaeilge chaighdeánach’ agus ‘an Caighdeán Oifigiúil’
- An gaol idir an Caighdeán Oifigiúil agus canúintí na Gaeilge
- Foinsí eolais a úsáid chun a fháil amach cé acu atá focal/struchtúr caighdeánach nó nach bhfuil
- Impleachtaí na gceisteanna seo maidir le cleachtais mhúinteoireachta

Céard é an Caighdeán Oifigiúil?

Nuair a bunaíodh Saorstát Éireann in 1922, rinneadh cinneadh go gcuirfí bunreacht agus achtanna an stáit nua ar fáil i nGaeilge. Bhí roinnt fadhbanna ann, áfach, a chuir isteach ar an obair.

- Bhí a lán focal ann a raibh foirmeacha difriúla acu ó áit go háit tríd an tír. Cad ba cheart a scríobh: teach nó tigh; poist nó postanna; an gloine nó an ghloine; do dheineas nó rinne mé?
- Ní raibh daoine ar aon aigne faoi ghnéithe den ghramadach. Cad ba cheart a scríobh: cúig phunt nó cúig point; ag an fhuinneog nó ag an bhfuinneog; ag canadh amhrán fada nó ag canadh amhráin fhada?

Rinne foireann aistritheoirí an stáit, Rannóg an Aistriúcháin, sraith moltaí faoi na ceisteanna sin, a foilsíodh sa leabhar Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, an Caighdeán Oifigiúil (1958). As sin amach, bhí treoir chinnte ann faoi phointí gramadaí agus faoi ghnéithe den litriú nach raibh lucht na Gaeilge ar aon aigne fúthu.



Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Cén comhthéacs ina n-úsáidtear an CO?

Ceapadh an Caighdeán Oifigiúil (an CO) chun go mbeadh córas scríbhneoireachta amháin ann le haghaidh achtanna agus cáipéisí oifigiúla eile. Ach úsáidtear an CO i roinnt comhthéacsanna eile, go háirithe i gcáipéisí foirmeálta atá dírithe ar phobal léitheoireachta náisiúnta:

- Foirmeacha
- Tuarascálacha
- Cáipéisí eolais agus poiblíochta
- Suíomhanna gréasáin

Ní gá cloí leis an CO i dtéacsanna neamhfhoirmeálta, mar shampla: an scríbhneoireacht chruthaitheach, teachtaireachtaí pearsanta, dialanna, scrípteanna teilifíse.

Míthuiscintí 1: “Tá mo chanúint féin mícheart!”

B’fhéidir go mbeadh faitíos ort nach bhfuil na rudaí a deir tú nó a scríobhann tú ag teacht leis an CO. Cuir i gcás, nuair a labhraíonn tú leis na páistí i dtús an lae; thiocthadh leat cenn ar bith de na frásaí seo a úsáid:

- Cad é mar atá sibh? (Atá an-choitianta i gCúige Uladh)
- Cén chaoi a bhfuil sibh? (Atá an-choitianta i gConnachta)
- Conas tá sibh? (Atá an-choitianta i gCúige Mumhan)

Seans go sílfeadh an múinteoir go bhfuil a leagan féin ‘canúnach’ nó taobh amuigh den CO. Is míthuiscint é sin: ní chuireann CO cosc ar fhrásaí nó ar fhocail díreach toisc go n-úsáidtear iad i gcanúint faoi leith. Is é a dhéanann an CO ná leagan caighdeánach amháin a mholadh i gcás go mbeadh **roinnt leaganacha den fhocal céanna ann**, mar shampla:

- Fata, préata, preáta, **práta**
- Gaothach, gaofarach, **gaofar**
- Tuigse, tuigbheáil, **tuiscint**



Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Socraíodh **leaganacha caighdeánacha** (práta, gaofar & tuiscint) chun go mbeadh leagan cinnte amháin ann in áit trí nó ceithre cinn. Cé go bhfuil an chiall chéanna le Cad é mar atá sibh, cén chaoi a bhfuil sibh agus conas tá sibh, ní leaganacha den aon fhrása amháin iad. Mar sin de, tá siad go léir chomh caighdeánach lena chéile. Tá sin fíor i gcás focail aonair chomh maith. Tá cailín, girseach agus gearrchaile go léir chomh caighdeánach lena chéile, fiú má tá blas Ultach, Muimhneach nó Connachtach orthu. Mar a chéile i gcás freisin, fosta agus leis agus a lán leaganacha eile a shíleann daoine a bheith ‘canúnach’.

Leaganacha caighdeánacha agus leaganacha malartacha

Chonaiceamar gur roghnaíodh práta, gaofar & tuiscint mar leaganacha caighdeánacha. Sin iad na foirmeacha ba cheart a úsáid más mian leat cloí leis an CO. Ní hionann sin agus a rá, áfach, go bhfuil na leaganacha eile (fata, gaothach, tuiirse etc) ‘mícheart’. Tugtar **leaganacha malartacha** ar a leithéid agus tá lánchead iad a úsáid sa scríbhneoireacht neamhfhoirmeálta.

Ag úsáid FGB

Cuir i gcás go bhfuil tú in amhras faoi stádas focal nó frása éigin; conas is féidir a fháil amach cé acu leagan caighdeánach nó leagan malartach atá ann? Is furasta an t-eolas sin a fháil in Foclóir Gaeilge–Béarla (FGB) le Niall Ó Dónaill. Tá FGB ar fáil i roinnt formáidí:

- An leagan clóite a foilsíodh in 1977.
- Leagan leictreonach ar féidir é a chuardach ar líne: www.teanglann.ie/en/fgb.

Féach **Físeán I**, a léiríonn conas FGB a úsáid chun teacht ar an eolas riachtanach.



Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Míthuiscintí 2: “Níl blas caighdeánach ar mo chuid Gaeilge.”

Baineann an CO leis an nGaeilge scríofa amháin. **Níl aon bhealach caighdeánach ann chun focal a rá.** Féach, mar shampla, focail mar dubh nó eitleán. Tá páistí ann a deir duv agus páistí eile a deir doo. Cuirfidh páistí i gceantair áirithe béim ar an dara siolla den fhocal eitleán agus beidh an bhéim ar an gcéad siolla ag páistí eile. Níl aon cheann acu ‘níos caighdeánaí’ ná a chéile.

Cén bhaint atá ag an CO le hobair an mhúinteora bunscoile?

Mar atá feicthe againn thuas, **is treoir don Ghaeilge scríofa atá sa CO.** Úsáidtear é le téacsanna oifigiúla agus le téacsanna atá dírithe ar lucht léitheoireachta náisiúnta a scríobh. Is léir, mar sin, nach bhfuil baint díreach ag an CO leis na cineálacha téacsanna a bhíonn á scríobh ag páistí bunscoile, mar shampla:

- dialanna
- scéalta gairide
- nótaí, tráchtairreachtaí
- cluichí focal agus litreacha



Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Mar sin féin, tá **tábhacht indíreach** ag an CO in obair an bhunmhúinteora. Sna Treoirlínte do Mhúinteoirí a cuireadh le Curaclam Gaeilge na Bunscoile, moltar do mhúinteoirí ‘an teanga a cheartú nuair is gá’ in obair scríofa na ndaltaí. Tá an baol ann go measfar leaganacha malartacha a bheith mícheart agus go gceartófar iad ar shlí a chuirfidh as d’fhéinmhuinín an pháiste. Tá roinnt rudaí eile le cur san áireamh:

- Ní mór do mhúinteoirí tuiscint a bheith acu ar phríomhchoincheapa an CO agus ar an ngaol idir an CO agus na canúintí Gaeilge, sa chaoi is go mbeidh siad in ann a gcuid téacsanna scríofa féin a ullmhú go muiníneach.
- Cabhróidh tuiscint ar an CO/canúintí na Gaeilge le múinteoirí téacsanna léitheoireachta den chineál atá molta sa Churaclam Bunscoile a roghnú, i.e. scéalta gearra béaloidis, rainn agus dánta dúchasacha. Bíonn a lán leaganacha malartacha sna hábhair sin agus níor cheart iad a ‘cheartú’.
- Cabhróidh tuiscint ar an CO/canúintí na Gaeilge le múinteoirí saothar na bpáistí a léamh amach os ard agus/nó a chur ar taispeáint. Níor cheart leaganacha malartacha sna píosaí seo a ‘cheartú’.

Féach **Físeán 2**, ina míníonn Anna Ní Chartúir, Príomhoide Scoil Leitir Mucú, Conamara, gnéithe den deá-chleachtas maidir le cúrsaí canúna i scoileanna.



Míthuiscintí 3: “Ní athraíonn an CO.”

Níor fhan an CO mar a bhí an uair a ceapadh é sa bhliain 1958. Foilsíodh leagan athbhreithnithe de in 2013 agus déanfar é sin a leasú go tráthrialta san am atá le teacht. Níl sé leath chomh docht agus a shíleann daoine. Bheadh iontas ar mhúinteoirí, b’fhéidir, a fháil amach cén tsaoirse a thugann an CO do scríbhneoirí. An t-aon bhealach le fáil amach ná é a léamh.

Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Tagairtí

An Roinn Oideachais, (1999). *Curaclam na Bunscoile, Gaeilge, Teanga, Treoracha do Mhúinteoirí*. Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar líne: www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary_Gaeilge_Guidelines.pdf.

Ó Dónaill, Niall, (1977). *Foclóir Gaeilge–Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm. Leagan leictreonach ar fáil ar líne: <http://www.teanglann.ie/en/fgb>.

Seirbhís Thithe an Oireachtais, (2013). *Gramadach na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil: Caighdeán Athbhreithnithe*. Baile Átha Cliath. Ar fáil ar líne: www.oireachtas.ie/parliament/media/Final-Version.pdf.

Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil (2016), Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais. Ar fáil ag: http://www.oireachtas.ie/parliament/media/translators/An-Caighdeán-Oifigiúil_2016.pdf.

